2025/1209

17.6.2025

CINNEADH (AE) 2025/1209 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Meitheamh 2025

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht an Chósta Eabhair le haghaidh comhaontú um infheistíocht inbhuanaithe a éascú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú um infheistíocht inbhuanaithe a éascú le Poblacht an Chósta Eabhair a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú um infheistíocht inbhuanaithe a éascú le Poblacht an Chósta Eabhair.

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 2

Déanfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um an Afraic, um Muir Chairib agus um an Aigeán Ciúin. Beidh baint ag an gCoiste um an mBeartas Trádála leis an méid sin.

Airteagal 4

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. BODNAR